FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh leictreachais

Le struchtúr casta dlíthiúil, moilleanna, laigí i rialachas agus faireachas margaidh neamhiomlán, cuirtear bac ar bhaint amach iomlán an chuspóra uaillmhianaigh

Clár

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL 3

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA 4

1. Creat rialála chun margaí leictreachais an Aontais a chomhtháthú 4

2. An creat rialála a chur chun feidhme 6

3. REMIT a chur chun feidhme ag ACER 7

III. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR MHOLTAÍ CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA 8

Moladh 1 – Cur chun feidhme an chreata rialála a athchóiriú 8

Moladh 2 – Feabhas a chur ar an gcreat faireacháin le haghaidh treoirlínte gréasáin 8

Glacann an Coimisiún le moladh 2b. 9

Chun athrú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 543/2013 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2013 maidir le sonraí a thíolacadh agus a fhoilsiú i dtaca leis na margaí leictreachais, is gá Gníomh Cur Chun Feidhme a ghlacadh faoin nós imeachta scrúdúcháin, agus ní chuirfear tús leis an bpróiseas go dtí tar éis an athbhreithnithe 9

Moladh 3 – Feabhas a chur ar fhaireachas ACER ar shláine na margaí mórdhíola 9

Moladh 4 – Úsáid táillí REMIT a bhrostú chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i bhfaireachas margaidh ACER 9

Moladh 5 – Rialachas ACER a fheabhsú 9

Moladh 6 – Trédhearcacht agus cuntasacht ACER a fheabhsú 10

Moladh 7 – Measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le creat chun pionóis a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach 10

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 259 den Rialachán Airgeadais agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL

Le deich mbliana anuas, leis na hiarrachtaí móra a rinne an tAontas Eorpach chun margaí leictreachais a chomhtháthú a thuilleadh san Eoraip agus borradh a chur faoin trádáil trasteorann, tugadh tairbhí suntasacha do shaoránaigh agus do thomhaltóirí an Aontais. Measann an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) go bhfuil na tairbhí sin cothrom le thart ar EUR 34 bhilliún in aghaidh na bliana, trí thrádáil trasteorann idir na Ballstáit a chumasú agus trí chinnteacht an tsoláthair a fheabhsú ar fud limistéar geografach níos mó[1]. Cé gur léiríodh laigí i ndearadh an mhargaidh leictreachais leis an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair, ba léir freisin gur cuidíodh le ciorrú leictreachais nó cliseadh leictreachais a sheachaint i réigiúin áirithe toisc go bhfuil margadh comhtháite ann, ós rud é gur lig sé do leictreachas a tháirgtear ar fud limistéar geografach mór sreabhadh chuig an áit a bhfuil gá leis.

Maidir le margadhchúpláil[2], rud a chiallaíonn gur féidir leictreachas agus na hacmhainneachtaí idirnascaire chun é a iompar a thrádáil go héasca ar ardán coiteann trádála de chuid an Aontais, tá feabhas breise tagtha uirthi, sa mhargadh lá roimh ré agus sna margaí ionlae araon. Measann an Coimisiún, amhail ó 2022, gur cuireadh an mhargadhchúpláil lá roimh ré chun feidhme go rathúil maidir le gach teorainn idir Ballstáit an Aontais. Bhíothas in ann é sin a dhéanamh go háirithe de bharr na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte gréasáin, na Rialachán ón gCoimisiún a glacadh bunaithe ar chumhachtuithe i Rialachán (CE) 714/2009 maidir le Leictreachas (ar a dtugtar Rialachán (AE) 2019/943 anois) agus a forbraíodh i ndlúthchomhar le heagraíocht na n-oibreoirí Eorpacha córais tarchurtha leictreachais (ENTSO-E), agus ACER. Ní hamháin go bhfuil an dlúthchomhar sin ríthábhachtach mar gheall ar an ngá atá le húsáid a bhaint as an saineolas atá ar fáil san earnáil, ach chun 'úinéireacht' ar na rialacha ag na príomhpháirtithe leasmhara a bhaint amach freisin, ós rud é go n-éascaítear cur chun feidhme na rialacha leis sin. Ar na cúiseanna céanna, tá baint ag ENTSO-E, ag údaráis rialála na mBallstát maidir le fuinneamh agus ag ACER le rialacha breise ceangailteacha agus mionsonraithe a fhorbairt faoi threoirlínte áirithe leictreachais.

An cuspóir a leag an Chomhairle Eorpach síos maidir le comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh a thabhairt chun críche faoi 2014[3], níor baineadh amach go hiomlán é go fóill. D'ainneoin an chomhaontaithe pholaitiúil sin ó Cheannairí Stáit agus Rialtais Bhallstáit uile an Aontais, tá éagsúlachtaí ann sna cúinsí agus sna leasanna náisiúnta, rud a fhágann go bhfuil gá le comhréitigh agus iad ag iarraidh teacht ar chomhaontú maidir le feabhas a chur ar chreat rialála an Aontais. Mar shampla, ní fhéadfaí Rialachán athmhúnlaithe (AE) 2019/943 maidir le Leictreachas a chomhaontú ach amháin trí níos mó ama a thabhairt do na Ballstáit chun struchtúr a margaí (criosanna tairisceana) a chur in oiriúint do na fíorghnéithe fisiciúla (na hacmhainneachtaí líonra atá ar fáil).

D'ainneoin an dul chun cinn mór atá déanta go dtí seo, is próiseas leanúnach é margaí leictreachais na hEorpa a chomhtháthú[4], ós rud é go n-iarrtar freagraí nua ar na dúshláin nua amhail an ghéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair. Níor cheart go gcuirfeadh iarrachtaí chun feidhmiú mhargadh an leictreachais a bharrfheabhsú moill ar iarrachtaí chun an creat atá ann a chur chun feidhme. Áirítear leis sin feabhas a chur ar chearta tomhaltóirí, oibriú i dtreo na sprice go mbeidh 70 % ar a laghad d'acmhainneachtaí idirnascaire ar fáil don trádáil in 2025, an margadh a struchtúrú ionas go dtabharfar na comharthaí cearta don áit a bhfuil gá le hinfheistíocht, chomh maith le

[1] Féach achoimre feidhmiúcháin § agus § 38 de Bharúlacha na tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

[2] Féach § 34, 35, 37, 42 de bharúlacha na tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

[3] Féach § 23 de raon feidhme agus cur chuige an iniúchta agus § 33 agus 37 de bharúlacha na tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

[4] Féach § 27 de raon feidhme agus cur chuige an iniúchta agus § 40 agus 97 de bharúlacha na tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

saobhadh agus cliseadh margaidh a shainaithint agus a dhíothú. Is léir go bhfuil fianaise air sin i dtuarascáil 2022 ar Staid an Aontais Fuinnimh a glacadh an 18 Deireadh Fómhair 2022.

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

1. Creat rialála chun margaí leictreachais an Aontais a chomhtháthú

Déantar margaí leictreachais na hEorpa a rialáil ar leibhéal an Aontais trí shraith chuimsitheach reachtaíochta de chuid an Aontais, a nuashonraíodh de réir a chéile le breis agus 20 bliain. Céim thábhachtach ba ea Rialachán (CE) 714/2009 lenar tugadh isteach cóid ghréasáin leictreachais agus treoirlínte gréasáin leictreachais, ar Rialacháin ón gCoimisiún iad, a forbraíodh i gcomhar le hoibreoirí córais tarchurtha agus le ACER. Leis na cóid ghréasáin leictreachais agus na treoirlínte gréasáin leictreachais sin, leagtar síos na rialacha teicniúla ceangailteacha is gá chun sreafaí trasteorann agus trádáil leictreachais a éascú, agus ar an gcaoi sin, déantar na rialacha lena rialaítear gréasáin agus margaí leictreachais na hEorpa a chomhlánú agus a neartú.

Creideann an Coimisiún gur chuidigh an cur chuige reachtach a roghnaíodh le feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí leictreachais an Aontais agus le comhtháthú an mhargaidh a chothú. Tá na conclúidí ar tháinig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa orthu bunaithe ar thascairí amhail cóineasú praghsanna idir criosanna tairisceana nó méid na trádála trasteorann. Measann an Coimisiún nach cuspóir ann féin é cóineasú praghsanna ós rud é go gceanglófaí leis sin ró-infheistíocht i mbonneagar líonra[5].

Rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ar an tsraith reachtaíochta de chuid an Aontais ó 2016 go 2019 agus go sonrach, is iad Treoir athmhúnlaithe (AE) 2019/944 maidir le Leictreachas, Rialachán athmhúnlaithe (AE) 2019/943 maidir le Leictreachas agus Rialachán athmhúnlaithe (AE) 2019/942 ó ACER a bhí mar thoradh air sin. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht idirinstitiúideach le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, leis na hathmhúnluithe sin, tugadh príomhfhorálacha ó chóid ghréasáin agus ó threoirlínte gréasáin (Rialacháin ón gCoimisiún) isteach i ndlí tánaisteach an Aontais (a ghlacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle), mar shampla rialacha lárnacha maidir le hacmhainneachtaí idirnascaire trasteorann a chur ar fáil don trádáil. Sa fhreagra seo, díríonn an Coimisiún ar na ceithre threoirlíne leictreachais[6], lena léirítear raon feidhme rialacha ábhartha an Aontais arna nglacadh ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir, áfach, gur gá féachaint ar chur chun feidhme rialacha an Aontais ina n-iomláine, agus ní hamháin maidir leis na ceithre threoirlíne leictreachais sin. Mar shampla, sa chaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an bPacáiste maidir le Fuinneamh Glan, chinn na comhreachtóirí príomhrialacha atá ábhartha don athbhreithniú ar chumraíocht na gcriosanna tairisceana a áireamh i Rialachán (AE) 2019/943 maidir le Leictreachas[7]. Dá bhrí sin, ní mór an

[5] Féach § 02 den achoimre feidhmiúcháin, roinn na dtorthaí de Chreat Rialála an Aontais Eorpaigh, § 51 de bharúlacha agus de mholadh 1 na tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

[6] Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus le bainistiú ar phlódú, Rialachán (AE) 2017/1719 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach, Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais agus Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córais tarchurtha.

[7] Airteagail 14 go 16

próiseas don athbhreithniú ar chriosanna tairisceana a mheas go dlúth in éineacht leis na rialacha ábhartha maidir le cumraíocht creasa tairisceana i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus le bainistiú ar phlódú. Measann an Coimisiún gurb é an príomhfhachtóir a fhágann nach mbíonn cóineasú praghsanna ann idir criosanna tairisceana an easpa acmhainneachta idirnascaire fisiciúla. Mar shampla, tá cóineasú praghsanna beagnach go hiomlán idir an Spáinn agus an Phortaingéil, ach tá sé i bhfad níos ísle idir an Spáinn agus an Fhrainc. Is é acmhainneacht idirnascaire teoranta is cúis leis sin, seachas bacainní margaidh a bhféadfadh sé nach mbeadh acmhainneacht idirnascaire ar fáil le haghaidh trádála dá bharr. Tugann an Coimisiún dá aire go n-úsáideann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, *inter alia*, méid na trádála trasteorann mar thráscairí. Tá an Coimisiún den tuairim, áfach, nach é an méid trádála atá tábhachtach, ach go bhfuil sé tábhachtach go méadaíonn trádáil leictreachais leas sóisialach do chustaiméirí Eorpacha agus go n-éascaíonn sé comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh.

Bhunaigh na comhreachtóirí an próiseas chun cóid ghréasáin nua a ghlacadh i Rialachán (CE) 714/2009. Is iad na hoibreoirí córais tarchurtha atá ag comhoibriú in ENTSO-E, eintiteas a bunaíodh le Rialachán (CE) 714/2009 chomh maith, a mholann cóid ghréasáin nua. Dá bhrí sin, is léir gur thóg forbairt na gcód líonra roinnt ama, ós rud é go raibh ENTSO-E agus ACER le bunú ar dtús. Cé go raibh ENTSO-E ag obair ar na tograí le haghaidh cóid líonra cheangailteacha, mar sin féin, bhí próiseas cur chun feidhme comhthreomhar deonach faoi stiúir ACER. Ar an gcaoi sin, bhíothas in ann leas a bhaint as roinnt de na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhtháthú margaidh, mar a luaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa[8] cheana féin roimh ghlacadh agus cur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte gréasáin.

Nuair a chuir ENTSO-E a thograí maidir le cóid líonra isteach, tháinig sé chun solais, i gcás ceithre cinn acu, nár leor an leibhéal mionsonraí agus aibíochta agus nárbh fhéidir iad a ghlacadh amhlaidh. Measadh freisin go mbeadh leibhéal na mionsonraí teicniúla chomh casta agus chomh hard sin (e.g. le rialacha níos mionsonraithe ar leibhéal uile-AE, ach iad curtha in oiriúint freisin do réigiúin éagsúla laistigh den Aontas) nach mbeadh sé oiriúnach go leagfaí síos rialacha mionsonraithe den sórt sin le Rialacháin ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, measadh go raibh forbairt na mionsonraí teicniúla sin trí théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí (TCManna) a leagtar amach i dtreoirlínte leictreachais, faoi réir fhormheas na n-údarás rialála, ina rogha mhalartach níos éifeachtúla. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na rialacha a leagtar síos go díreach sna treoirlínte teacht i bhfeidhm cheana féin agus ní chuirfeadh moilleanna maidir le rialacha níos casta a fhorbairt moill ar dhul chun cinn maidir le rialacha eile a ghlacadh. Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil TCManna, amhail cóid ghréasáin agus treoirlínte gréasáin, ceangailteach agus amhail Cinntí ACER nó cinntí ó údaráis rialála na mBallstát, is féidir le húdaráis rialála na mBallstát iad a fhorfheidhmiú agus is gá dóibh iad a fhorfheidhmiú. Dheimhnigh an reachtóir an cur chuige maidir le rialacha teicniúla níos mionsonraithe a leagan síos trí TCManna (cf. Rialacháin (AE) 2019/942 agus 2019/943).

Agus an measúnú tionchair á dhéanamh aige, mheas an Coimisiún go mbeadh sé ríthábhachtach na treoirlínte a ghlacadh go tráthúil chun na margaí náisiúnta leictreachais atá ann cheana a chomhtháthú a thuilleadh. Bhí comóntachtaí áirithe ag na margaí náisiúnta (e.g. úsáid a bhaint as an modh imeallach praghsála i margaí lá roimh ré), ach bhí a sonraíochtaí féin acu freisin. Is cumasóir iad na treoirlínte chun fíormhargadh leictreachais uile-Eorpach a bhaint amach, agus an méid sin á chur san áireamh agus ag tógáil ar an réamhobair shuntasach a rinne ENTSO-E agus ACER. Ar an taobh eile, dá ndéanfaí iarracht dearadh margaidh leictreachais 'idéalach' a dhearadh beagnach as an nua, ní hamháin go bhfágfaí go gcuirfí deireadh leis an obair ullmhúcháin sin, ach bheadh bac agus moill ar an gcur chun feidhme freisin agus, dá bhrí sin, bheadh dul chun cinn níos moille ann maidir le comhtháthú an mhargaidh. Mar thoradh ar dhearadh an mhargaidh leictreachais atá ann faoi láthair, bhí rogha níos mó ag tomhaltóirí agus, le blianta fada, cuidíodh le soláthairtí leictreachais

[8] Féach § 39 agus 42 de bharúlacha na tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

inacmhainne a áirithiú. Mar sin féin, léiríodh leis an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair laigí áirithe sa chreat rialála agus, dá bhrí sin, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar rialacha áirithe de chuid an Aontais lena rialaítear margaí mórdhíola leictreachais d'fhonn togra a chur ar aghaidh in 2023.

2. An creat rialála a chur chun feidhme

Tugadh isteach an córas rialachais bunúsach atá mar bhonn agus mar thaca ag margadh leictreachais an Aontais leis an tríú pacáiste maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh in 2009:

- Oibreoirí córais tarchurtha díchuachta agus oibreoirí córais dáileacháin díchuachta. Fágann sé sin gur féidir le hoibreoirí na heangaí leictreachais gníomhú, gan tionchar a bheith orthu ag leasanna a d'fhéadfadh a bheith in aghaidh a chéile, mar ghineadóirí leictreachais nó mar sholáthraithe leictreachais. Oibríonn na hoibreoirí córais tarchurtha i gcomhar leis an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E)[9]
- Údaráis neamhspleácha rialála maidir le fuinneamh ar leibhéal na mBallstát a gcomhlánaíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) ar leibhéal an Aontais Eorpaigh iad.

Tá saincheart ACER chun cinntí ceangailteacha a ghlacadh, i gcomhar le húdaráis rialála na mBallstát maidir le fuinneamh, ríthábhachtach chun margaí leictreachais a chomhtháthú. Ní féidir leis an Stiúrthóir amháin na cinntí is íogaire ó thaobh na polaitíochta de a ghlacadh; ní mór formheas a fháil ó 2/3 d'údaráis rialála na mBallstát a bhfuil ionadaíocht á ndéanamh orthu ar Bhord Rialálaithe ACER. Cuireann sé sin teorainn leis an mbaol go gcuirfeadh líon beag rialálaithe cosc ar ACER cinntí ceangailteacha a dhéanamh. Is príomhchúis é sin leis an rath a bhí ar chomhtháthú an mhargaidh leictreachais go dtí seo: In go leor réimsí beartais eile, ní mór an breisluach a bhaineann le lánpháirtiú an Aontais a shaothrú leis an 'modh oscailte comhordúcháin[10]', amhail ceanglais tuairiscithe agus piarbhrú. I gcodarsnacht leis sin, rialaítear margaí leictreachais an Aontais le sraith chuimsitheach rialacha ceangailteacha ar leibhéal an Aontais. Forbraítear na rialacha sin i ndlúthchomhar le húdaráis rialála na mBallstát, ach gan cumhachtaí crosta a bheith ag leasanna náisiúnta aonair.

Rinneadh an córas rialachais sin a thriail agus a thástáil agus deimhníodh é, le roinnt athbhreithnithe, le Treoir athmhúnlaithe (AE) 2019/944 maidir le Leictreachas, le Rialachán athmhúnlaithe (AE) 2019/943 maidir le Leictreachas agus le Rialachán athmhúnlaithe (AE) 2019/942 ó ACER chomh maith le leasú dírithe ar threoirlínte leictreachais ina dhiaidh sin[11]. Áirítear ar na hathbhreithnithe sin:

- Rialacha níos beaichte maidir leis an gceart atá ag údaráis rialála na mBallstát pionóis a fhorchur, nó a mholadh go bhforchuirfeadh cúirt inniúil pionóis den sórt sin, rud a neartóidh a gcumhachtaí chun rialacha an Aontais, lena n-áirítear cinntí ó ACER, a fhorfheidhmiú.
- Rialacha maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin ag údaráis rialála na mBallstát, le rannpháirtíocht ACER más gá, i gcás nach gcomhlíonann ENTSO-E nó eintitis eile arna mbunú faoi dhlí an Aontais a n-oibleagáidí.
- Cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas chun cóid ghréasáin agus treoirlínte gréasáin, mar aon le téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí faoi threoirlínte, a fhorbairt, tríd an gceart agus an dualgas a thabhairt do ACER athbhreithniú a dhéanamh, más gá, ar thograí arna gcur isteach ag ENTSO-E.

[9] Le Rialachán athmhúnlaithe (AE) 2019/943 maidir le Leictreachas, in éindí le heintiteas an Aontais d'oibreoirí córais dáileacháin tugadh isteach eintiteas comhchosúil le haghaidh oibreoirí córais dáileacháin.

[10] https://eur-lex.europa.eu/EN/legal-content/glossary/open-method-of-coordination.html

[11] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/280 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2015/1222, (AE) 2016/1719, (AE) 2017/2195 agus (AE) 2017/1485 chun iad a ailíniú le Rialachán (AE) 2019/943.

De bhun Airteagal 45(1) de Rialachán 2019/942 ó ACER, faoin 5 Iúil 2024, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, le cúnamh ó shaineolaí seachtrach neamhspleách, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht ACER i dtaca lena chuspóirí, lena shainordú agus lena chúraimí. Sa chomhthéacs sin, measfaidh an Coimisiún an bhfuil ról ACER sa chóras rialachais chun margaí leictreachais comhtháite a bhaint amach agus a dhaingniú fós oiriúnach dá fheidhm. Déanfar breithniú cúramach sa mheastóireacht, áfach, ní hamháin ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú rialacha an Aontais, ach ar an tionchar airgeadais freisin. Cuireann údaráis rialála go mór le hobair ACER faoi láthair. I gcás ina mbeidh an obair a dhéanann a n-ionadaithe i gceithre mheitheal agus i 14 thascfhórsa ACER le gabháil ar láimh ag baill foirne a fhostaítear ag ACER, d'fhéadfadh sé go mbeadh acmhainní suntasacha breise daonna agus airgeadais ag teastáil ó ACER.

3. REMIT a chur chun feidhme ag ACER

Is eol don Choimisiún go bhfuil easpa acmhainní daonna agus airgeadais ag ACER le haghaidh a chúraim faoi REMIT[12]. D'fhreagair an Coimisiún ar dhá bhealach:

1. Bhain sé úsáid as an rogha nua dá bhforáiltear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/942 ó ACER chun táillí a thabhairt isteach le haghaidh chúraimí ACER faoi REMIT. Le Cinneadh (AE) 2020/2152 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020, cuirtear an t-ioncam breise is gá ar fáil do ACER.
2. An Tuairim ón gCoimisiún an 5.10.2021 maidir le dréachtdoiciméad clársceidealaithe ACER don tréimhse 2022 – 2024 agus maidir le leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil don Ghníomhaireacht, bhí Ráiteas Airgeadais Reachtach ag gabháil leis, lena gcuirtear 15 phost bhreise ar fáil do ACER chun REMIT a chur chun feidhme. Tabharfar na poist nua sin isteach de réir a chéile go dtí 2027, i bhfianaise an dúshláin a bhaineann le baill foirne a bhfuil saineolas leordhóthanach acu a earcú agus i bhfianaise na hiarrachta is gá a dhéanamh chun baill foirne nua a chur ar bord i bhfoirne REMIT de chuid ACER.

Ag tosú in 2022, gheobhaidh ACER acmhainní daonna breise ar fiú 15 choibhéis lánaimseartha iad in 2027[13]. Mar sin féin, tógann sé tamall aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme a eascraíonn as tearclíon foirne, ós rud é gur gá foireann cháilithe a aimsiú agus a earcú agus, más gá, oiliúint a chur ar bhaill foirne nua. Mar sin féin, tá muinín ag an gCoimisiún go gcuirfidh an t-ioncam nua ó tháillí agus na 15 phost bhreise ar chumas ACER a chuid cúraimí faoi REMIT a chomhlíonadh go leordhóthanach. Tá líon na bpost breise dá bhforáiltear sa Tuairim ón gCoimisiún bunaithe ar mheasúnú an Choimisiúin ar ualach oibre na gníomhaireachta agus ar leordhóthanacht acmhainní. Tugann an Coimisiún dá aire gur céim eisceachtúil é an méadú ar phoist, agus aird á tabhairt ar na ceanglais maidir le foireann chobhsaí atá ar an gCoimisiún agus ar an líne bheartais láidir nach féidir buiséad na ngníomhaireachtaí (poist d'fhóirdheontas bliantúil an Aontais agus don phlean bunaíochta) a mhéadú ach amháin trí thogra reachtach chun síneadh a chur le sainordú na gníomhaireachta.

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir, áfach, maidir le haon athrú rialála as a dtiocfaidh cúraimí breise agus ualach oibre breise do ACER, e.g. athrú a bhaineann le feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar chreat REMIT chun trédhearcacht an mhargaidh a mhéadú, le hacmhainneachtaí faireacháin agus le faireachas níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a dhéanamh ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le drochúsáid mhargaidh san Aontas, go mbeadh gá leis an tionchar ar acmhainní daonna agus airgeadais ACER a mheasúnú i gceart.

[12] Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh.

[13] Tuairim ón gCoimisiún an 5.10.2021 maidir leis an dréachtdoiciméad clársceidealaithe ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh don tréimhse 2022-2024 agus maidir le leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil don Ghníomhaireacht. COM(2021) 7024 final.

III. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR MHOLTAÍ CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Moladh 1 – Cur chun feidhme an chreata rialála a athchóiriú

Ba cheart don Choimisiún:

(a) Agus cóid ghréasáin agus treoirlínte gréasáin á bhforbairt, measúnú córasach a dhéanamh ar na costais i gcoinne na dtairbhí a bhaineann lena gcur chun feidhme breise a leagan amach trí théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí a ghlacadh, go háirithe i bhfianaise an ualaigh riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ar ACER, ar NRAnna agus ar pháirtithe eile lena mbaineann. (Spriocdháta cur chun feidhme: ó 2023 amach)

Glacann an Coimisiún le moladh 1(a).

(b) Athmheasúnú a dhéanamh ar rialacha an Aontais lena rialaítear praghasmhúnlú mórdhíola leictreachais i bhfianaise na géarchéime fuinnimh atá ann faoi láthair agus an mhéadaithe ar fhuinneamh in-athnuaite. (Spriocdháta cur chun feidhme: 2023)

Glacann an Coimisiún le moladh 1(b).

In 2023, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú spriocdhírithe a dhéanamh ar phríomhrialacha an Aontais maidir leis an margadh inmheánach leictreachais ionas go mbainfidh tomhaltóirí tairbhe as soláthairtí slána inacmhainne leictreachais ó ghiniúint in-athnuaite agus ísealcharbóin i gcomhthéacs na bpraghsanna arda fuinnimh a thugtar faoi deara i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh atá ann faoi láthair.

(c) Rialacha a leagan amach lena ndreasaítear solúbthacht an éilimh. (Spriocdháta cur chun feidhme: 2025)

Glacann an Coimisiún le moladh 1(c).

Faoi 2025, molfaidh sé Rialachán ón gCoimisiún le haghaidh cód gréasáin nó treoirlíne gréasáin maidir le freagairt don éileamh.

Moladh 2 – Feabhas a chur ar an gcreat faireacháin le haghaidh treoirlínte gréasáin

(a) Ba cheart don Choimisiún agus do ACER an straitéis a shoiléiriú maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtaí na gcód/na dtreoirlínte gréasáin agus í a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach le himeacht ama agus ar fud na mBallstát. (Spriocdháta cur chun feidhme: 2023)

Glacann an Coimisiún le moladh 2a.

Tuairiscíonn ACER don Choimisiún go rialta trí bhealaí éagsúla, go háirithe trí theagmhálacha rialta neamhfhoirmiúla déthaobhacha ar leibhéal na hoibre. Breithneoidh an Coimisiún conas a d'fhéadfadh cur chuige níos foirmiúla soiléireacht a mhéadú agus, ag an am céanna, iarracht a dhéanamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ualach oibre breise an tuairiscithe níos foirmiúla ar an obair shubstaintiúil atá ábhartha go díreach chun cóid ghréasáin agus treoirlínte gréasáin a chur chun feidhme a íoslaghdú.

(b) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar laigí an ardáin trédhearcachta agus chreat an Aontais maidir le sonraí fuinnimh, le tacaíocht ó ACER, agus, más gá, bearta reachtacha ceartaitheacha a ghlacadh. (Spriocdháta cur chun feidhme: 2025)

Glacann an Coimisiún le moladh 2b.

Chun athrú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 543/2013 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2013 maidir le sonraí a thíolacadh agus a fhoilsiú i dtaca leis na margaí leictreachais, is gá Gníomh Cur Chun Feidhme a ghlacadh faoin nós imeachta scrúdúcháin, agus ní chuirfear tús leis an bpróiseas go dtí tar éis an athbhreithnithe.

Moladh 3 – Feabhas a chur ar fhaireachas ACER ar shláine na margaí mórdhíola

(Spriocdháta cur chun feidhme: 2025)

Chun faireachas margaidh a fheabhsú agus saobhadh margaidh a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, ba cheart do ACER rialachán REMIT a chur chun feidhme go hiomlán, mar shampla tríd an gcumhdach sonraí a bhaineann le faireachas margaidh REMIT a chur i gcrích, trí fheabhas a chur ar chumhdach na n-iompraíochtaí mí-úsáideacha a ndéanann sé faireachán orthu, agus trí chomhar imscrúdaithe trasteorann a chothú trí ghrúpaí imscrúdaitheacha a chur ar bun.

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an moladh seo dírithe ar ACER.

Moladh 4 – Úsáid táillí REMIT a bhrostú chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i bhfaireachas margaidh ACER

(Spriocdháta cur chun feidhme: faoi dheireadh 2023)

Ba cheart do ACER dlús a chur le húsáid acmhainní airgeadais breise a fhaightear trí tháillí REMIT chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh ina ghníomhaíochtaí REMIT (mar shampla, córas TF atá imithe i léig, tearclíon foirne). Ba chóir do ACER feabhas a chur ar an bhfaireachán ar riachtanais foirne ar fud na ranna, bunaithe ar a thosaíochtaí atá leagtha síos.

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an moladh seo dírithe ar ACER.

Moladh 5 – Rialachas ACER a fheabhsú

(Spriocdháta cur chun feidhme: 2025)

Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar rialachas ACER agus feabhsuithe ar rialachas ACER a mholadh trí fheabhas a chur ar neamhspleáchas ar NRAnna agus ar leasanna náisiúnta, agus trí fheabhas a chur ar chumhachtaí forfheidhmiúcháin agus ar uirlisí cóineasaithe.

Glacann an Coimisiún go páirteach le moladh 5 toisc nach féidir leis gealltanas a thabhairt go ndéanfaí togra reachtach roimh an meastóireacht mar atá sceidealaithe ag na comhreachtóirí. De bhun Airteagal 45(1) de Rialachán 2019/942 ó ACER, faoin 5 Iúil 2024, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht ACER i dtaca lena chuspóirí, lena shainordú agus lena chúraimí. Tabharfar aghaidh sa mheastóireacht, go háirithe, ar an ngá féideartha sainordú ACER a mhodhnú, agus ar na himpleachtaí airgeadais a bhainfeadh le haon mhodhnú den sórt sin.

Moladh 6 – Trédhearcacht agus cuntasacht ACER a fheabhsú

(Spriocdháta cur chun feidhme: Faoi 2023)

Ba cheart do ACER trédhearcacht agus cuntasacht a chuid oibre a fheabhsú trí rochtain phoiblí ar na doiciméid agus ar na sonraí atá ar a shuíomh gréasáin a éascú, trína áirithiú go bhfoilseofar a chinntí agus a shonraí go hiomlán agus go tráthúil i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla, agus trí bheartas trédhearcachta a bheidh sainithe go soiléir bunaithe ar dhea-chleachtais a thabhairt isteach.

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an moladh seo dírithe ar ACER.

Moladh 7 – Measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le creat chun pionóis a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach

(Spriocdháta cur chun feidhme: 2023)

Chun comhlíonadh rialacha an Aontais a chothú agus arbatráiste rialála a chosc, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na pionóis i leith sáruithe ar rialacha an Aontais a reachtú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na mBallstát.

Glacann an Coimisiún go páirteach le moladh 7(a).

Bíonn gníomhaíocht forfheidhmiúcháin go ginearálta, agus pionóis go háirithe, ag brath go mór ar rialacha agus cultúr riaracháin náisiúnta. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na huirlisí ag na húdaráis rialála náisiúnta chun rialacha an Aontais a fhorfheidhmiú, agus dá bhrí sin, an ndéanann nó nach ndéanann na Ballstáit Airteagal 59(3)(d) de Threoir 2019/944 maidir le Leictreachas a thrasuí i gceart.

(b) Má tá údar leis, creat a fhorbairt ina leagfar amach íoscheanglais choiteanna maidir le pionóis.

Glacann an Coimisiún go páirteach le moladh 7(b).

Ní féidir 'creat ina leagfar amach íoscheanglais choiteanna maidir le pionóis' a fhorbairt le haghaidh gach pionóis a d'fhéadfadh rialtóirí náisiúnta a fhorchur mar gheall ar na sáruithe iomadúla a d'fhéadfadh a bheith ann ar reachtaíocht an Aontais maidir le rialacha an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh a chumhdaítear le hAirteagal 59(3)(d) den Treoir maidir le Leictreachas. I gcodarsnacht leis sin, i gcás an réimse níos cinnte de chuid REMIT, d'fhéadfaí creat níos comhchuibhithe le haghaidh pionós a mheas.